# Gnáth-ábhair Comhaid fíricí

# Gnáth-ábhair

## Céard is aireagóir ann?

Cruthaíonn aireagóirí rudaí nua. Réitíonn siad fadhbanna. Cheap Sir James Martin an suíochán eisteilgthe le nach bhfaigheadh píolótaí bás in eitleáin.



*Seo é Sir James Martin. B'innealtóir Éireannach é. Cheap sé suíocháin eisteilgthe d'eitleáin.*


Oibríonn aireagóirí in go leor áiteanna oibre difriúla, ina measc:

- saotharlanna taighde
- a n-áit chónaithe
- ollscoileanna.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta**:
- Fadhb atá le réiteach a fheiceáil.
- Bealach leis an bhfadhb a réiteach a thabhairt le fios.
- An réiteach ar an bhfadhb a thástáil.
- Dearbhú an réitíonn an réiteach an fhadhb.

## Céard is déantóir bréagán ann?

Dearann agus déanann déantóirí bréagán bréagáin nua. Roghnaíonn siad ábhair go cúramach chun bréagáin a oibríonn i gceart a dhéanamh. Mar shampla, teastaíonn ábhar sínteach i liathróid phreabach agus caithfidh bloicíní a bheith láidir.



*Seo é Arvind Gupta. Is déantóir bréagán as an India é. Tá an-luí aige leis an eolaíocht.*

De ghnáth, oibríonn déantóirí bréagán i:

- siopaí
- a n-áit chónaithe
- dearadh cluichí.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta**:
- Cruthaitheacht nuair atá bréagáin nua á ndearadh, á ndéanamh agus á measúnú.
- An chaoi le bréagán nua a dhéanamh a fhoghlaim.

## Céard is innealtóir struchtúr ann?

Dearann innealtóir struchtúr rudaí ar nós foirgneamh agus droichead. Roghnaíonn siad ábhair a bheidh láidir agus daingean, chun a chinntiú nach dtitfidh siad ná nach mbrisfidh siad.



*Seo í Sophie. Is innealtóir struchtúr í.*

Oibríonn innealtóirí struchtúr in áiteanna difriúla le daoine difriúla, ina measc:

- ailtirí
- tógálaithe
- innealtóirí eile.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta**:
- A bheith in ann oibriú le go leor daoine eile chun struchtúir láidre a dhéanamh.
- A bheith go maith ag míniú an méid a d'aimsigh tú do dhaoine eile.

*Ar mhaith leat do chuid foghlama faoi ghnáth-ábhair a úsáid nuair a bheidh tú níos sine?*

ROYAL SOCIETY OF CHEMISTRY